

AN BHANRIOGHAN SHOLASACH

Ar Leanú

Nuair a tháinig sé isteach ag an draoidheadóir chuir sé céad chuir sé céad míle fáilte roimh mac na Banrioghna Solasaighe. “Creidim” adeir sé, “gur mór an t-iongantas go dtáinig tú i dtír ar an oileán seo ar chor ar bith.”

“D’fhéadfainn teacht i dtír ann i gchomhnaidhe ach níor leig faithchíos roimh na madraí alla dom teacht go ndeachaidh siad chun suaimhnis.”

“Maise is gearr go mbeidh tú féin i do cheann aca sin. Níl aon bheithidheach ar an oileáin nach mac rí agus banrioghna atá ann ag an mBanrioghán Chrua-Fhortúnach. Is gearr go go dtiubhraidh sí tú féin léithe, ach b’fhéidir go gcoinneochain mí thú. Déarfaidh mé gur mac dreathára dhomh féin tú.”

Trathnóna lá’r na bhárach tháinig an Bhanrioghán Crua-Fhortúnach go dtí an draoidheadóir. “Tuige nár chuir tú sgéal chugam go raibh an fear seo annseo agat” adeir sí.

“Níor iarr mé sin a dhéanamh” adeir seisean, “nach mac dreathára dhom féin é. Chuir mé fios air le bheith ina bhuachaill siopa annseo agam” adeir sé.

“Muide caithfidh tú é a thabhairt suas” adeir sí.

“Ní chaithfeadh” adeir sé.

D’imthigh sí an lá sin agus tháinig sí i gceann coighcise aríst.

“Caithfidh tú é a thabhairt dom gan bhuidheachas” adeir sí.

“Ní thiubhraidh mé duit é go ceann míosa ar chuma ar bith” adeir sé.

D’imthigh sí an lá sin. Ní raibh sí imthighthe ach seachtain nuair a tháinig sí aríst dá iarraidh.

“Ní thiubhraidh mé duit é go ceann míosa. Bíodh sé agat faoi cheann míosa.”

“Déanfa sin” adeir sí.

Nuair a bhí an mhí thuas, an lá a raibh sí a’ tigheacht, “anois” adeir an draoidheadóir leis seo, “beidh sí sin an-chineálta go dtí coighcís nó trí seachtainí ach bí ag faire go go bhfeicidh tú a’ fanacht oidhche ina suidhe í, agus tar chomh fada liom-sa annseo, mar beidh mise ag obair ina haghaidh.” Dubhairt sé leis gan blas a ithe nó a ól go dtiocfadh sé chomh fada leis féin. Bhí sé a’ faire annsin go bhfaca sé ag fanacht ina suidhe í oidhche agus maidin lá’r na bhárach dubhairt sé go rachadh sé chomh fada lena oncal, gur dhearmad sé leabhar agus go gcaithfeadh sé dhul dá iarraidh.

“Cuirfidh mise teachtaire dá iarraidh sin duit” adeir sí.

“Ní gheobhfaidh teachtaire ar bith é. Caithfidh mé féin dhul dá iarraidh.”

D'imthigh leis go ndeachaidh sé cho fada leis an draoidheadóir.

"D'fhan an cailín ina suidhe aréir?" adeir an draoidheadóir.

"D'fhan" adeir sé.

"Bhí mise ag obair ina haghaidh annseo" adeir an draoidheadóir.

"Seo anois trí cinn de chácaí. Tiubhraidh tú leat iad. Beidh aithne agat orthu. Na trí cinn de chácaí a bhéas leagtha ar an mbord, cuirfidh tú i leath-taobh iad agus íosfaidh tú iad seo, agus nuair a bhéas tú ag ithe na gcácaí" adeir sé, "beidh cíléar uisge leagtha ar an urlár agus cupán leagtha síos ann, agus níl aon uair dá n-íosfaidh tú ceann nach n-ionntóchaidh sí an cupán agus nach guirfidh sí ráise aiste. Dár bh'iad a cuid cácaí ise a bheadh tú a ithe, bheadhthá i do bheithidheach éigéil ar an bpointe aice, an chéad cheann a d'íosfá dhíob.

"Seo trí cinn de chácaí eile agus tiubhraidh tú duithe iad. Ní chuirfidh sí aon tsuim ionntab. Abair gur cácaí a cheannuigh tú i dtigh t'oncal iad, agus iad a ithe, agus gabhfaidh sí agus íosfaidh sí an an bpointe iad.

Nuair a bhéas na cácaí ithte a'd-sa agus é cinnte uirthé aon bheithidheach éigéil a dhéanamh díot, abróchaidh sí go gur ag iarraidh bheith a' cur faithchís ort a bhí sí.

Abair thusa 'más cleas é a theidheanns timcheall eirigh tusa agus ionntuigh an cupán faoi san uisge' agus abair léithe a bheith ina capall marcaidheachta faoi n-a srian is faoi n-a diallaid. Teirigh ag marcaidheacht uirthé agus ná spáráil spuir uirthé go dtuga tú abhaile ag do mháthair í, agus is maith a aithneochaidh sí sin í."

Chuaidh sé ar ais abhaile aice agus nuair a tháinig sé isteach aice, "ó nach fada amuich ó mhaidin thú, tá do bhriceasta fuaraighthe annseo romhat" adeir sí.

Chuir sé lámh ina phóca. Rug sé ar an mála a raibh a cuid cácaí ise ann. Leag sé ar an mbord iad.

"Seo cácaí a cheannuigh mé i dtigh m'oncal duit."

Thosuigh sí dá n-ithe ar an bpointe. Nuair a chonnaic seisean ise dá n-ithe ní dhearna sé ach ach cúl a láimhe a chur leis na cácaí a bhí ar an mbord agus na cácaí eile a leagan ina n-áit. Thosuigh sé dá n-ithe. Nuair a bhí cácaí ithte aige ní dhearna sí ach an cupán a ionntú.

"Bí i do mhúille" adeir sí.

Bhreathnuigh sé uirthé.

Nuair a bhí ceann eile ithte aige d'ionntuigh sí an cupán aríst.

"Bí in t-asal" adeir sí.

Nuair a bhí an tríomhadh ceann ithte aige, "bí i do mhadra alla" adeir sí, ach ní rinne sí tada de. Chinn sé uirthé ar gach aon bhealach.

"Go do sgannradh a bhí mé" adeir sí.

"Más mar sin é" adeir sé, b'fhéidir go gcuirfeadh muid féin faithchíos suas." Bhí sé ag breathnú ar an gcaoi a raibh sise ag iompú an chupáin, agus ní dhearna sé ach é a iompú ar an mbealach céadna.

"Bí i do chapall marcaidheachta a'm-sa faoi do shrian agus faoi do dhiallaid" adeir sé, agus arnú bhí ar an bpointe.

Nuair a bhí sí ina capall annsin aige chuaidh sé a' marcaidheacht uirthé agus thomáin sé leis í go dtáinig sé ag an draoidheadóir go bhfágadh sé comhairle eile uaidh. Nuair a chonnaic an draoidheadóir a' tigheacht é, "ó tá sí a'd" adeir sé.

"Tá" adeir sé.

"Ná spáráil spuir uirthé sin go dtuga tú abhaile ag do mháthair í, agus is maith a d'aithneochas do mháthair an cailín sin, agus ní hé an deagh-rud a dhéanamh léithe."

Bhuail sé ar marcaidheacht uirthé agus bhí sé sna cosa in airde ariamh go raibh sí ag dhul amach geata agus seanbhean ar thaobh den gheata agus seanfhear ar an taobh eile. Nuair a chuaidh sé amach thartab "ó chó" agus "abh-ó" ag chaon duine acab.

"Céard atá uirthé?" adeir sé.

"Ó muise tá, capall a bhí fadó an lá againn" adeir siad, "agus ní raibh aon chapall ariamh is cosmhála léithe ná í sin."

"An gceannócadh sibh í?"

"Ceannóchamuid."

"Cé mhéad a bhéas tú a iarraidh uirthé" adeir siad.

"Céad punt."

"Tiubhramuid dhá chéad punt duit" adeir siad.

"Ní dhíofainn mo chapall ar chor ar bith libh."

"Tá tú mall" adeir siad.

"Fuair tú an margadh a d'iarr tú agus níl tú ag dhul siar in do mhargadh."

D'iompugh siad siar ar ais an capall agus bhí siad féin sa mbaile cho luath léithe, mar séard a bhí ionnta a hathair agus a máthair. Nuair a bhí siad ag an gcúirt annsin rug an mháthair ar shlaitín draoidheachta agus rinne sí madra alla de sin agus bean d'ise. Nuair a bhí sí ina bean annsin aríst tháinig sí chomh fada leis an draoidheadóir ag troid leis.

"Nach deas an cleas a rinne tú capall a dhéanamh dhíom, ionga i gceann a máthar go dtugadh sí droch-spídiúlach dhom. Mara ndeacha tusa chuide tiocfaidh sise chugat" ag bualadh a chois faoin urlár.

"Eirigh aníos as sin a thínnteach agus téirigh chomh fada leis an mBanrioghan Sholasach agus abair léithe go bhfuil madra allta déanta dá mac annseo ag an mBanrioghan Crua-Fhortúnach agus thigheacht chomh fada leis."

Bhí an draoidheadóir ag coinneál cainte léithe. Ní raibh sí imighthe amach as teach an draoidheadóir nuair a bhí an tínnteach agus an Bhanrioghan Sholasach ar ais. Nuair a tháinig sí isteach séard a rinne sí breith ar chúl cinn uirthi agus í a chur amach roimpi ar an oileán gur thóg sí an méid sin daoine a bhí ariamh faoi dhraoidheacht aice.

Nuair a bhí an méid sin déanta aice chuaidh sí abhaile, í féin agus a mac agus sé an chaoi ar thosuigh sí ar an rí arbh é a inghean a chur an mac faoi dhraoidheacht agus chuir sí cath air, agus níor fhága sí

aon duine beo dá raibh thimpeall uirthi de chongnamh na de achuidiú ariamh ach é féin agus an inghean. B'éigean dó féin ise a phósadh agus don inghean a mac a phósadh.